# N22BBM
# Fógra Poiblí

**Bóthar nua N22 á oscailt do thrácht le teacht:**

Tá Jons-John Cradock JV Ltd., ag obair thar ceann Chomhairle Contae Chorcaí, ag obair ar thógáil an N22 Bóthar Bhaile Bhuirne go Maigh Chromtha ó Eanáir 2020. Osclaíodh an chéad chuid (Seachbhóthar Mhaigh Chromtha) don trácht i mí na Nollag 2022, osclaíodh an dara cuid i mí Lúnasa 2023 agus anois tá an chuid deiridh le hoscailt don trácht Dé Luain 6 Samhain, 2023.

Faoi láthair tá bóthar nua an N22 ar oscailt do thrácht ó Thimpeallán Chúil Chomhair ar an taobh thoir, chomh fada le hAcomhal Thonn Láin lastoir de Bhaile Mhic Íre. Tá an chuid deiridh ó Acomhal Thonn Láin go dtí Acomhal Bhaile Bhuirne ag an taobh thiar den bhóthar nua.

Nuair a osclófar an chuid deiridh den N22 don trácht Dé Luain 6 Samhain , beidh úsáideoirí bóithre in ann taisteal siar ar an N22 nua an slí ar fad ó Thimpeallán Chúil Chomhair go hAcomhal Bhaile Bhuirne agus ar aghaidh ar an N22 atá ann cheana i dtreo Chiarraí. Ag taisteal ó Chiarraí, tiocfaidh úsáideoirí bóithre isteach ar an débhealach nua laistiar de Bhaile Bhuirne agus beidh siad ábalta ar thaisteal ar bhóthar nua an N22 go dtí timpeallán Chúil Chomhair, lastoir de Mhaigh Chromtha.

Iarrtar ar úsáideoirí bóithre tiomáint go cúramach ar an gcuid nua de bhóthar an N22 a luaithe a bheidh sé oscailte don trácht, go háirithe ar an slí isteach chuig na hacomhail nua ag Tonn Láin / Baile Mhic Íre agus ag Baile Bhuirne ar an taobh thiar, go dtí go mbeidh siad i dtaithí ar na hacomhail nua.

Tá lúcháir ar an gConraitheoir gur éirigh leis an tionscadal bonneagair náisiúnta suntasach seo a sheachadadh agus ba mhaith leis aitheantas a thabhairt don chomhoibriú agus don chúnamh a fuarthas ó úsáideoirí bóithre agus úinéirí maoine le linn na céime tógála. Tá súil againn go soláthróidh an bóthar nua sábháilteacht bóithre feabhsaithe, nascacht níos fearr, agus amanna turais feabhsaithe do gach úsáideoir bóithre ar feadh na mblianta atá le teacht.

Jons Civil Engineering – John Cradock JV Ltd.
Bóthar Shráid an Mhuilinn
Maigh Chromtha
Dáta: 31 Deireadh Fómhair 2023